Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

An Roinn Tithíochta agus Pobail
Housing and Community Department

# An Scéim um Chóiríocht ar Cíos - Foirm Iarratais do Thiarnaí Talún

Comhlánaigh Cuid A, C agus Cuid D le do thoil má tá tú ag déanamh iarratais le tionónta reatha.

Seol an fhoirm chomhlánaithe chomh maith leis na doiciméidi gCuid B chuig:

An Rannóg um Sholáthar Tithíochta (Rannóg RAS), An Rannóg Tithíochta, Comhairle Contae Fhine Gall, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15 Teil: 01 870 8425 ríomhphost ras@fingal.ie

---

## A. Sonraí an Tiarna Talún:

An tú an t-aon úinéir aonair den mhaoin? Táim ☐ /Nílim ☐

mura bhfuil tabhair sonraí faoin gcomhúinéir le do thoil.

. Ainm/ainmneacha Úinéir na Réadmhaoine: 1.________________________

2.________________________

. Seoladh Úinéir na Réadmhaoine: ________________________

________________________

________________________

Uimh Teil: ________________________

Seoladh ríomhphoist: ________________________

Uimhir PSP Tiarna Talún: 1. ________________________

2. ________________________

## Seoladh na Maoine ar Cíos ________________________

________________________

________________________

________________________

Má tá sibh mar chomhúinéirí na maoine, cuir in iúl má mheasúnaítear le chéile sibh i leith cánach: Déantar ☐ /Ní dhéantar ☐

An bhfuil tú i do chónaí in Éirinn? Tá ☐ / Níl ☐

* Má bhíonn tú i do Thiarnaí Talún Neamhchónaitheacha, ní mór duit a chur in iúl dúinn chomh luath agus is féidir.

Sonraigh le do thoil an téarma conartha is fearr leat: 5 bliana ☐ 10 mbliana ☐

Sonraigh le do thoil más rud é gur ceannaíodh an mhaoin faoin Scéim Tithíochta Inacmhainne: Ceannaíodh ☐ /Níor Ceannaíodh ☐

## B. NÍ MÓR DO GACH DOICIMÉAD A IARRTAR AIR THÍOS A BHEITH AG GABHÁIL LEIS AN bhFOIRM IARRATAIS. SEOLFAR AR AIS FOIRMEACHA IARRATAIS NEAMHCHOMHLÁNAITHE.

1. Cóip den Deimhniú Imréitigh Cánach, TC2 do gach úinéir - (www . Revenue.ie )
2. Cóip den Deimhniú BER & Tuarascáil Chomhairleach BER (íosrátáil D2) - (www.sei.ie )
3. Cóip den Chlárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha le haghaidh iarratas in situ amháin - (www.prtb.ie )
4. Cruthúnas den Íocaíocht le haghaidh Táillí Bainistíochta Bliantúla más infheidhme
5. Cóip den Fhóilió don mhaoin (iarr ar do Aturnae nó Clárlann na Talún le do thoil) - ( www.landdirect.ie )
6. Cóip den teastas seirbhíse don choire gáis arna datú laistigh de bhliain amháin - más infheidhme

C. Cur Síos ar Mhaoin ar Cíos :

Teach ☐ Bungaló ☐ Dormánta ☐ Árasán ☐

Árasán ar Bhunurlár ☐ Árasán ar an gCéad Urlár nó níos airde ☐

Scoite ☐ Leathscoite ☐ Deireadh na Sraithe ☐ Lár na Sraithe ☐

Gairdín Chun Tosaigh ☐ Gairdín Cúil ☐ Garáiste/Seid ☐

Líon na Seomraí Suí_______ Líon na Seomraí Leapa ______ Líon na Seomraí folctha ____

Cistine ______________ Seomra bia ___________________ Cineál Téimh: Gás / Ola / Leictreach

Cíos Mhíosúil a Ghearrtar Faoi Láthair€_______________ Achar urláir measta na maoine _ _

Baineann na ceisteanna seo a leanas le hÁrasáin & le hÁrasáin Dhá Urlár AMHÁIN:

Rochtain trína Dhoras Féin: Tá/ ☐ Níl ☐

Bealach Isteach Comhroinnte: Tá/ ☐ Níl ☐

An bhfuil rochtain ardaitheoir ann más rud é go bhfuil an t-árasán suite ar an gcéad urlár nó níos airde: Tá/ ☐ Níl ☐

## D. Maoin Folamh nó Tionóntaí Insitu

Cuir tic le do thoil: **Maoin Folamh** ☐ nó **Tionónta Reatha** ☐

An bhfuil Liúntas Leasa Forlíontach á fháil ag do Thionóntaí reatha? Tá ☐ Níl ☐

Comhlánaigh na sonraí le do thoil: Dáta Tosaigh an Léasa: ________________________________________

Ainm (neacha): ________________________________________________

UPSP (í): ________________________________________________

Uimh. Teil: ________________________________________________

Tagairt Tithíocht na dTionóntaí Fhine Gall:______________________________

Síniú Úinéir(í) na Maoine: 1.______________________________2.__________________________

Dáta: _____________________________

Ní mór do gach Maoin an riachtanas íosta a chomhlíonadh faoi Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) 1993-2008 & Leasú 2009

Tá téarmaí agus coinníollacha i bhfeidhm

# Eolas do Thiarnaí Talún (Soláthraithe Cóiríochta agus Gníomhairí)

1. Cén cineál maoine atá ag teastáil?

   Generally one, two, three and four bedroom houses are required within Fingal County Council's Administrative Ceantar

   Is féidir na nithe thuas go léir a mheas le haghaidh Conradh In situ. Tá Árasáin oiriúnach do Chonradh In situ.

2. An féidir liom páirt a ghlacadh i SCC le mo thionóntaí reatha?

   Tá, fad is atá liúntas cíosa á fháil acu ar feadh tréimhse os cionn 18 mí agus go bhfuil siad ina gcónaí i maoin atá oiriúnach dá riachtanais tithíochta de réir mar a mheasann Comhairle Contae Fhine Gall.

3. Cén cineál conarthaí atá ar fáil?

   a) Conradh folamh ar feadh 5 nó 10 mbliana, ioncam cíosa ráthaithe do théarma an chonartha. Tá athbhreithniú cíosa tar éis bliain 2 agus bliain 4 i gconradh folamh de 5 bliana. Tá athbhreithniú cíosa tar éis bliain 2, 4, 6 & 8 i gconradh folamh de 10 bliana. Tá cearta ainmniúcháin aonair ag Comhairle Contae Fhine Gall ar gach conradh folamh.

   b) Conradh in situ ar fáil ar feadh 5 bliana, ráthaítear ioncam cíosa chomh fada agus a bhíonn an tionónta in situ ina chónaí sa mhaoin. Athbhreithnithe cíosa tar éis bhliain 2 & bliain 4. Má fhágann tionónta In situ maoin laistigh de théarma an chonartha téann an conradh in éag agus tugtar seilbh folamh don tiarna talún.

4. An féidir liom an léas a fhoirceannadh?

   a) Ní féidir le tiarna talún léasa 5 bliana foirceannadh laistigh de théarma an chonartha.

   b) Ní fhéadfaidh tiarna talún de chonradh 10 mbliana an conradh a fhoirceannadh ach amháin tar éis tréimhse de 5 bliana.

5. Cén fáth a dhiúltóidh an t-údarás áitiúil mo mhaoin?

   Tá trí phríomhchúis ann nach mbreathnófaí ar do mhaoin.

   a. B'fhéidir nach mbeidh aon éileamh ar thithíocht shóisialta sa cheantar ina bhfuil do mhaoin.
   b. B'fhéidir nach mbeadh an maoin i riocht atá oiriúnach do léasú.
   c. Ní féidir teacht ar chomhaontú maidir le cíos..

6. Cad iad na doiciméid / sonraí ar chóir dom a thabhairt don Chomhairle?

   Tá liosta iomlán de na doiciméid riachtanacha ar fáil ar an bhfoirm iarratais.

7. Conas a chinnfear leibhéil chíosa?

   Cinnfear leibhéil chíosa trí idirbheartaíocht idir an tiarna talún agus an tÚdarás Áitiúil agus léireofar cíosanna margaidh áitiúla.

8. Cathain a íoctar an cíos agus conas?

   Íocfar an cíos go míosúil roimh ré trí aistriú leictreonach díreach isteach i gcuntas bainc ar an gcéad Aoine de gach mí. Tabhair faoi deara, má tá an t-úinéir ina chónaí lasmuigh d'Éirinn, go bhfuil an t-ioncam cíosa faoi réir cánach siarchoinneála de 20%. Tá tuilleadh sonraí faoin ngné seo le fáil ar www.revenue.ie .

9. An dteastaíonn deimhniú imréitigh cánach uaim?

   Teastaíonn, beidh gá le deimhniú imréitigh cánach cothrom le dáta gach bliain agus tá sé de fhreagracht ar an Tiarna Talún a chinntiú go bhfuil deimhniú imréitigh cánach cothrom le dáta ag Comhairle Contae Fhine Gall. Cuirfear íocaíochtaí ar fionraí mura bhfuil deimhniú imréitigh cánach cothrom le dáta againn.

10. An n-íocann an tionónta cíos díreach le Comhairle Contae Fhine Gall?

    Is féidir. Íocann an Tionónta cíos leis an Údarás Áitiúil faoin Scéim Cíosa Difreálach. Níl aon oibleagáid Airgeadais ag an Tionónta don tiarna talún.

11. An bhfuilim freagrach as an muirear NPPR, muirear Teaghlaigh agus Cáin Mhaoine a íoc?
    Tá. Mar úinéir na moine, tá tú freagrach as na muirir seo a íoc chomh maith le gach muirear agus cáin eile a fhéadfaidh an Rialtas a thabhairt isteach le linn théarma an léasa.

12. An ndéanfaidh an Chomhairle iniúchadh ar an maoin?

Ní mór do mhaoin a bheith ar dea-chaighdeán nó ar chaighdeán den scoth. Le linn an phróisis idirbheartaíochta, socróidh an Chomhairle cigireacht ar an maoin chun a fháil amach an bhfuil sí oiriúnach lena cur san áireamh faoi shocruithe cíosa. Déanfar iniúchadh air chun a dheimhniú go gcomhlíonann an mhaoin caighdeáin struchtúrtha agus mhaisiúcháin arda. Ní mór do réadmhaoine cloí le Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) 1993-2008 & Leasú 2009 agus leis na Rialacháin Foirgníochta agus pleanála go léir.

13. Cá fhad a thógfaidh sé don léas a bhunú?

a) Nuair a fhaightear foirm iarratais chomhlánaithe le haghaidh maoine foilmhe is é an chéad chéim ná a chinneadh an bhfuil éileamh ann do do mhaoin. Ba chóir go gcuirfí an léas i gcrích laistigh d'ocht seachtaine.

b) Nuair a fhaightear iarratais iomlána ar mhaoin in situ go gcuirfí an léas i gcrích laistigh de 12 sheachtain i gcás aonad in situ.

14. An gá troscáin a chur ar fáil sa Mhaoin ?

Tá, ní mór an mhaoin a chur ar fáil le troscáin?

15. Cé a bheidh ag fáil mo mhaoine ar cíos?

Déanfar iarratasóirí rathúla a leithdháileadh ó Liosta Tithíocht Sóisialta na Comhairle. Ar mhaithe le dea-bhainistíocht eastáit, déanann an Chomhairle seiceálacha cúlra mionsonraithe agus cuimsitheacha ar gach tionónta féideartha RAS.

16. An gcaithfidh mé an léas a chlárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (BTCP)?

Caithfidh.

17. Cé a bheidh freagrach as Cothabháil agus deisiúcháin mo mhaoine?

Bíonn an Tiarna Talún freagrach as an tionóntacht a bhainistiú agus as an maoin a bhainistiú agus a chothabháil, lena n-áirítear cothabháil coire bhliantúil.

18. Cé atá freagrach as cothabháil struchtúrach na maoine?

Coimeádfaidh úinéir na maoine an fhreagracht as cothabháil struchtúrach, árachas struchtúrach agus deisiú struchtúrtha.

19. Cé atá freagrach as gearradh féir / glanadh fuinneoige?

An duine atá ina chónaí sa mhaoin i gcás tithe agus an Chuideachta Bhainistíochta i gcás árasán.

20. I gcás árasán, cé a íocann Muirear na Seirbhíse Bainistíochta?

Bíonn na táillí bainistíochta le híoc ag úinéir na maoine.

21. Cé a íocann na táillí bruscair?

Sa chás go bhfuil muirear seirbhíse cuideachta bainistíochta i gceist, is iondúil go n-áirítear muirir bhruscair leis seo. Sa chás nach bhfuil aon mhuirear seirbhíse bainistíochta ann, beidh áititheoir an tí faoi dhliteanas i leith na táillí bruscair .

22. Cé a chuireann an mhaoin faoi árachas?

I gcás árasáin clúdófar an t-árachas mar chuid den mhuirear seirbhíse bainistíochta. I gcás tithe, beidh ort foirgnimh a chur faoi árachas agus iad a chothabháil, mar go mbeadh tú faoi dhliteanas i leith aon deisiúcháin struchtúrtha m.sh. díon. Beidh ort árachas inneachair a choinneáil don troscán a sholáthraíonn tú. Tá sé de dhualgas ar na tionóntaí árachas a bheith acu as a n-earraí féin.

23. Táillí Uisce

Beidh an t-áititheoir freagrach as táillí uisce .